

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 71



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Imleabhar 66

9 Márta 2023

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2023/511 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de ghnóthais chomhinfeistíochta a ríomh faoin gcur chuige bunaithe ar shainordú <sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/512 ón gCoimisiún an 2 Márta 2023 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a cláraíodh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin, (“Aceto Balsamico di Modena” (TGFC)) ..... 4
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/513 ón gCoimisiún an 8 Márta 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní XV agus XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraíte i dtaca le táirgí feola ó chrúbacha, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim agus i dtaca le huibheacha agus táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas <sup>(1)</sup> ..... 8
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/514 ón gCoimisiún an 8 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann le táirgí an-mhínphróiseáilte, leis an liosta de thríú tíortha a bhfuil plean rialaithe formheasta acu agus leis an Moldóiv a chur leis an liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d’uibheacha a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh mar uibheacha Aicme A a theacht isteach san Aontas <sup>(1)</sup> ..... 11
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/515 ón gCoimisiún an 8 Márta 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí abaimeictin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 22

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/516 ón gCoimisiún an 8 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí do bharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críoch eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine <sup>(1)</sup> ..... 27
- 

## Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról atreisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis (IO L 20, 31.1.2022) ..... 37
- ★ Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/419 ón gComhairle an 24 Feabhra 2023 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staidé sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 61, 27.2.2023) ..... 42

---

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/511 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Samhain 2022

**Iena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de ghnóthais chomhinfheistíochta a ríomh faoin gcur chuige bunaithe ar shainordú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 132a(4), an tríú fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun inathraitheacht mhíchuí sna ceanglais chaipitil a sheachaint ar fud institiúidí, agus chun an cur chuige bunaithe ar shainordú a chur i bhfeidhm i gcásanna nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann, is gá an modh a shonrú chun méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh le haghaidh gnóthas comhinfheistíochta (GC) faoin gcur chuige bunaithe ar shainordú maidir leis na cásanna nach féidir méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh mar gheall ar ionchuir atá in easnamh.
- (2) I gcás ina ndéanann GC idirbhearta díorthach agus nach eol ionstraimí foluiteacha na ndíorthach nó priacal foluiteach shuimh na ndíorthach, ní féidir le hinstitiúidí costas athsholáthair na suíomh a chinneadh, dá bhrí sin ní féidir leo a luach risíochta a chinneadh. Sa chás sin, ba cheart d'institiúidí a ríomhanna a bhunú ar mhéid barúlach an tsuimh díorthaigh, a bheadh ar eolas de ghnáth agus a bheadh mar an táscaire is fearr maidir le méid an tsuimh, agus dá bhrí sin, lena soláthrófaí comhfhogasú maidir le luach na risíochta.
- (3) I gcás nach n-eisiatar le sainordú GC dul isteach i ndíorthaigh ach nach n-áirítear ann faisnéis leordhóthanach chun a chinneadh an risíocht laistigh nó lasmuigh den chlár comhardaithe atá in ionstraim fholuiteach, ní féidir a eisiadh go bhfuil risíocht den sórt sin bunaithe. Is gá, dá bhrí sin, an risíocht sin a chur san áireamh agus méideanna na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal á ríomh maidir le risíochtaí an GC.
- (4) I gcás nach soláthraítear leis an sainordú faisnéis leordhóthanach faoi luach risíochta an tsuimh sin, ní féidir a eisiadh gurb éard atá i luach na risíochta méid barúlach iomlán an tsuimh díorthaigh.
- (5) I gcás nach sonraítear sa sainordú méid barúlach an tsuimh díorthaigh, chun cur chuige sách stuama a áirithiú, ba cheart an méid sin a dhíorthú ó uasmhéid barúlach na ndíorthach a cheadaítear faoin sainordú.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

- (6) I gcás nach eol na costais athsholáthair nó an risíocht tothchaí fhéideartha chun méid na risíochta a bhaineann le priacal creidmheasa an chontrapháirtí a ríomh, ba cheart d'institiúidí a ríomhanna a bhunú ar shuim mhéideanna barúlacha na n-idirbheart sa tacar glanluachála, arbh é an meastachán coimeádach is fearr a bheadh ar fáil é chun gur féidir an cur chuige bunaithe ar shainordú a úsáid.
- (7) Tá cásanna ann nach féidir le hinstiúidí na tacair ghlanluachála ábhartha le haghaidh cineál áirithe díorthaigh sa GC a fhionnadh, ós rud é nach bhfuil aon fhaisnéis ar fáil maidir leis na contrapháirtithe nó maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na hidirbhearta faoi réir ag socrú glanluachála déthaobhach is infheidhme le dlí dá dtagraítear in Airteagal 272, pointe (4), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sna cásanna sin, ba cheart d'institiúidí toimhdiú nach ann d'éifeachtaí glanluachála ná d'éagsúlú contrapháirtí don chineál sin díorthaigh. Dá bhrí sin, ba cheart d'institiúidí toimhdiú go bhfuil an GC tar éis dul isteach i ndíorthach aonair leis an uasmhéid barúlach a cheadaítear faoin sainordú le haghaidh díorthach den chineál sin.
- (8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.
- (9) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a réachtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

### **Luach risíochta shuímh dhíorthaigh GC a chinneadh i gcás nach eol an ionstraim fholuiteach chun críocha Airteagal 132a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. Agus an cur chuige bunaithe ar shainordú á chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 132a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás nach n-eisiatar le sainordú GC gurb éard atá in ionstraim fholuiteach shuíomh díorthach GC risíocht laistigh nó lasmuigh den chlár comhardaithe, ach nach eol luach na risíochta nó, i gcás risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe, nach eol an céatadán is infheidhme de bhun Airteagal 111 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, úsáidfidh institiúidí méid barúlach iomlán an tsuímh dhíorthaigh mar luach na risíochta chun méideanna na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh.
2. Chun luach na risíochta a chinneadh mar a leagtar amach i mír 1, i gcás nach eol méid barúlach na suíomh díorthach, úsáidfidh institiúidí meastachán coimeádach bunaithe ar uasmhéid barúlach na ndíorthach a cheadaítear faoi shainordú GC mar luach na risíochta.

#### *Airteagal 2*

### **Luachanna na risíochta a ríomh le haghaidh priacal creidmheasa an chontrapháirtí a ghabhann le tacar glanluachála shuímh dhíorthaigh GC**

1. Agus luach risíochta an tacair glanluachála le haghaidh priacal creidmheasa contrapháirtí á ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i gCuid 3, Teideal II, Caibidil 6, Ranna 3, 4 nó 5, i gcás inarb ábhartha, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirfidh institiúidí an méid seo a leanas i bhfeidhm:
  - (a) i gcás nach bhfuil an institiúid in ann costas athsholáthair an tacair glanluachála a ríomh de réir an chur chuige ábhartha, i ngeall ar ionchuir in easnamh, úsáidfidh an institiúid sin suim mhéideanna barúlacha na ndíorthach uile sa tacar glanluachála mar an costas athsholáthair;

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

- (b) i gcás nach bhfuil an institiúid in ann risíocht todhchaí fhéideartha an tacair glanluachála a ríomh de réir an chur chuige ábhartha, i ngeall ar ionchuir atá in easnamh, cuirfidh an institiúid sin 0,15 oiread shuim mhéideanna barúlacha na ndíorthach uile sa tacair glanluachála ina hionad.
2. Agus luach na risíochta le haghaidh phriacal creidmheasa an chontrapháirtí á ríomh i gcomhréir le mír 1, i gcás nach eol méid barúlach na ndíorthach sa tacair glanluachála, úsáidfidh institiúidí meastachán coimeádach bunaithe ar uasmhéid barúlach na ndíorthach a cheadaítear faoi shainordú GC chun luach risíochta an tacair glanluachála sin a chinneadh.
3. Chun críocha mhír 1 agus 2, i gcás nach féidir le hinstitiúidí na tacair ghlanluachála ábhartha a fhionnadh maidir le cineál áirithe díorthaigh sa GC, toimhdeoidh siad go bhfuil an GC tar éis dul isteach i ndíorthach aonair leis an uasmhéid barúlach a cheadaítear faoin sainordú maidir leis an gcineál sin díorthaigh.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/512 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Márta 2023

**lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a cláraíodh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin, (“Aceto Balsamico di Modena” (TGFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 52(3)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, foilsíodh an t-iarratas ón Iodáil ar fhormheas ar leasú nach mion ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh faoi chosaint “Aceto Balsamico di Modena” in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup>.
- (2) An 31 Lúnasa 2021, fuair an Coimisiún trí fhógra freasúra agus ráiteas réasúnaithe amháin ón nGearmáin. Cuireadh dhá ráiteas freasúra réasúnaithe eile ón nGearmáin isteach an 11 Deireadh Fómhair 2021. An 16 Meán Fómhair 2021, fuair an Coimisiún an ceathrú fógra freasúra ó fhreasúróir atá lonnaithe sa Tuirc. Cuireadh an ráiteas freasúra réasúnaithe lena mbaineann isteach an 16 Samhain 2021.
- (3) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar na ráitis freasúra réasúnaithe agus iad a mheas a bheith inghlactha, i gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, thug sé cuireadh don Iodáil agus don Ghearmáin agus don Iodáil agus don fhreasúróir ón Tuirc i litir dar dáta an 10 Nollaig 2021 a bheith páirteach i gcomhairliúcháin iomchuí d’fhonn teacht ar chomhaontú.
- (4) An 4 Márta 2021, chuir an Ghearmáin an Coimisiún ar an eolas gur tarraingíodh ceann amháin de na freasúraí siar, ach go seasann beirt fhreasúróirí eile ón nGearmáin na freasúraí eile.
- (5) Tháinig deireadh leis na comhairliúcháin idir an Iodáil agus an Ghearmáin ar thaobh amháin agus an Iodáil agus an freasúróir ón Tuirc ar an taobh eile agus níor tháinig siad ar chomhaontú. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leis na leasuithe i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 52(3)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus torthaí na gcomhairliúcháin sin á gcur san áireamh aige.
- (6) Mheas na freasúróirí go mbeadh neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ina thoradh ar na leasuithe ar an tsonraíocht táirge, ar an ábhar go mbrisfidís an nasc idir an táirge agus an limistéar geografach go háirithe. Chuirge sin, léiríodh amhras faoi na hathruithe a líomhnaítear a bheith déanta ar shaintréithe orgánaileipteacha “Aceto Balsamico di Modena”, faoin athrú ar an aigéadacht iomlán íosta le haghaidh an táirge aoisithe agus faoin nós imeachta ceartúcháin maidir le diallais ó na paraiméadair a d’fhéadfadh a bheith ann. Cuireadh i gcoinne na leasuithe sin freisin sa mhéid go raibh cáilíocht “Aceto Balsamico di Modena” á laghdú acu agus gurbh éard a bheadh mar thoradh orthu neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos le haghaidh finéagair fíona faoi phointe 17 de Chuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> lena mbunaítear comheagrú na margai i dtáirgí talmhaíochta (aigéadacht 60 gram in aghaidh an lítir ar a laghad = 6 % ar a laghad).

<sup>(1)</sup> IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

<sup>(2)</sup> IO C 231, 16.6.2021, lch. 11.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margai i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72. (CEE) Uimh. 922/79, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

- (7) Thairis sin, líomhain na freasúróirí neamhchomhlíonadh na gceanglas íosta le haghaidh inneachar na sonraíochta táirge, maidir le hAirteagal (7)(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, maidir leis an tagairt don chomhlacht rialúcháin le haghaidh “Aceto Balsamico di Modena” a bhaint.
- (8) Thairis sin, líomhain na freasúróirí go ndearnadh raon feidhme na cosanta atá ann cheana a leathnú go míchuí agus, dá bhrí sin, go gcuirfí ainmneacha, trádmharcanna nó táirgí i mbaol le clárú na leasuithe, lena n-áirítear finéagair bhalsamacha de thionscnaimh eile. Bhainfeadh an t-éileamh sin, go háirithe, le háireamh líomhnaithe na hoibleagáide an buidéalú a dhéanamh sa limistéar críochaithe, riail bhreise maidir le cruth na gcoimeádán, chomh maith le paraiméadair an chóimheasa iseatópaigh a thabhairt isteach. Dá thoradh sin, líomhnaíonn na freasúróirí go ndéanann na leasuithe atá beartaithe dochar do leasanna bhuidéalaithe “Aceto Balsamico di Modena” agus tháirgeoirí Gearmánacha finéagar eile.
- (9) Ar deireadh, mhaígh na freasúróirí go bhféadfadh laghdú ar an aigéadacht íosta a tugadh isteach le déanaí mearbhall a chruthú idir PGI “Aceto Balsamico di Modena” (TGFC) agus “Aceto Balsamico Tradizionale di Modena” (STFC).
- (10) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hargóintí a nochtadh sna ráitis freasúra réasúnaithe ón nGearmáin agus ón Tuirc i bhfianaise fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, agus torthaí na gcomhairliúcháin iomchuí a rinneadh idir an t-iarratasóir agus na freasúróirí á gcur san áireamh aige, agus tháinig sé ar an gconclúid gur cheart an leasú ar an tsonraíocht táirge le haghaidh an táisc gheografaigh faoi chosaint “Aceto Balsamico di Modena” a fhormheas.
- (11) Mhaígh an Iodáil nár léirigh na freasúróirí go raibh leas dlisteanach acu i dtaisceadh na bhfreasúraí, mar a cheanglaítear le hAirteagal 51(1) de Rialachán (AE) 1151/2012, ós rud é gur chuir na freasúróirí i gcoinne leasuithe nach ndearnadh iarratas orthu ná nach raibh bacainní trádála agus/nó margaidh ina dtorthaí orthu.

I gcomhthéacs an nós imeachta is infheidhme maidir le hiarratais ar leasuithe ar an tsonraíocht nach mionleasuithe iad, féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige freasúra a thaisceadh i gcoinne an iarratais ar leasú a cuireadh isteach. Sa chás seo, níor measadh go raibh an riosca díobhála do leasanna na bhfreasúróirí neamhdhóchúil amháin ná hipitéiseach agus, dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur léirigh na freasúróirí go raibh leas dlisteanach acu i dtaisceadh na bhfreasúraí.

- (12) Go deimhin, san anailís ar na húdair amhrais a chuir na freasúróirí isteach, léiríodh gur eilimintí nár athraíodh de thoradh na leasuithe atá idir lámha cuid de na héilimh a rinneadh maidir leis na heilimintí sa tsonraíocht táirge, agus nach raibh iontu ach athruithe eagarthóireachta. Bhí sé d’aidhm ag na hathruithe eagarthóireachta sin an doiciméad aonair a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 8(1)(c) de Rialachán (AE) 1151/2012 agus na coinníollacha a leagtar síos i sonraíocht táirge “Aceto Balsamico di Modena” (TGFC) a léiriú ar bhealach níos fearr. Baineann sé sin, go háirithe, leis na hathruithe a líomhnaítear a bheith déanta ar na saintréithe orgánaileipteacha, leis na hathruithe a líomhnaítear baint a bheith acu le húsáid breiseán agus le húsáid coimeádán plaisteach, chomh maith le hoibleagáid a líomhnaítear an buidéalú a dhéanamh sa limistéar críochaithe. Níor tháinig aon athrú ar na rialacha sin, ach cuireadh foclaíocht úr ar an doiciméad aonair, agus tá an seans ann gur tuigeadh í mar leasú ar an tsonraíocht táirge, ach is amhlaidh go bhfuil siad ina dtoradh ar cheartú neamhréireachtaí idir an tsonraíocht táirge agus an achoimre ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (\*). Dhírigh measúnú an Choimisiúin ar an iarratas ar leasú “Aceto Balsamico di Modena” (TGFC) ar na leasuithe substaintiúla a ndearnadh iarratas orthu.
- (13) Ní féidir a mheas go bhfuil tionchar diúltach ar an nasc idir an táirge agus a thionscnamh geografach ag na hathruithe a bhaineann le híoschéatadán aigéadachta le haghaidh an chineáil *invecchiato* (aoisithe), is é sin athrú ó 6 % go 5,5 %, ná ag an nós imeachta ceartúcháin a cheadaítear maidir le diallais a d’fhéadfadh a bheith ann. Míníodh na cúiseanna atá leis na leasuithe sin agus tugadh údar cuí leo tráth foilsithe an iarratais, agus is léir nach n-athraíonn cineál agus scála na leasuithe sin saintréithe “Aceto Balsamico di Modena” (TGFC) agus, dá bhrí sin, nach féidir leo an nasc a chur ar ceal.

(\*) IO C 152, 6.7.2007, lch. 18 agus Rialachán (CE) Uimh. 583/2009 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2009 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Aceto Balsamico di Modena (PGI)] (IO L 175, 4.7.2009, lch. 7).

- (14) Thairis sin, ní féidir mearbhall a bheith ann de thoradh na cosúlachta i leibhéal na haigéadachta idir “Aceto Balsamico di Modena” (TGFC) agus “Aceto Balsamico Tradizionale di Modena” (STFC) ná ní féidir a thabhairt le fios dá toradh gurb é an dara ceann atá i gceist. Fiú má tá saintréithe áirithe i bpáirt ag táirgí faoin dá sonrúchán, cuir i gcás leibhéal na haigéadachta, is as amháibhair éagsúla agus le modhanna táirgthe éagsúla a dhéantar iad agus dá bhrí sin, is táirgí éagsúla iad fós.
- (15) Ar deireadh, ní mar fhinéagar fíona a shainmhínítear “Aceto Balsamico di Modena” (TGFC) agus dá bhrí sin níl sé faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le finéagar fíona, go háirithe maidir leis an aigéadacht fosta.
- (16) I dtaca leis na freasúraí a bhaineann le raon méide na mbuidéal a leathnú, ní féidir a mheas faoin leasú go bhforchuirtear aon srian ar na hoibreoirí atá bainteach le pacáistiú “Aceto Balsamico di Modena”. A mhalairt ar fad, le méideanna breise toillte coimeádán a cheadú amhail 0,100 l, 0,150 l, 0,200 l nó 1,5 l, is féidir a mheas go bhfuil na coinníollacha buidéalaithe á liobráil. Tá an seans ann go mbeadh iomaíocht bhreise ina toradh ar “Aceto Balsamico di Modena” a mhargú i raon níos leithne de mhéid buidéal, rud a bheadh i gcomhréir le bunphrionsabail bheartas iomaíochta an Aontais agus nár cheart a mheas go ndéanfadh sí dochar do cháil “Aceto Balsamico di Modena” (TGFC).
- (17) Is é is aidhm do shaintréithe na gcoimeádán ar lú a dtoilleadh ná 0,250 lítear a áirítear i roinn 3.5 den doiciméad aonair íoschaighdeán aonfhoirmeachta a áirithiú i measc na mbuidéal ina ndíolfar an táirge. Ní áirítear an riail sin maidir le pacáistiú sa tuairisc ar an táirge, ná ní thugtar tuilleadh sonraí fúithi i dtaca le sainiúlacht an táirge faoin roinn den doiciméad aonair atá dírithe ar an nasc agus, dá bhrí sin, ní féidir í a mheas mar ghné fhíor-riachtanach de chur i láthair an táirge. Ós rud é gur le haghaidh coimeádáin nua ar lú a dtoilleadh ná 0.250 lítear amháin a shocraítear na ceanglais sin, coimeádáin nár ceadaíodh roimh an leasú atá idir lámha, ní bheidh tionchar diúltach ag an athrú a gcuirtear ina choinne ar infheistíochtaí i gcoimeádáin a rinne buidéalaithe “Aceto Balsamico di Modena” cheana féin agus dá bhrí sin, ní bheidh siad thíos le cailteanas eacnamaíoch dá dheasca.
- (18) Níor soláthraíodh faisnéis faoin gcomhlacht rialúcháin go díreach sa doiciméad aonair, ós rud é nach gceanglaítear é a sholáthar ann i gcomhréir le hlarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 668/2014 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Mar sin féin, áiríodh an fhaisnéis sin sa tsonraíocht táirge, mar a shonraítear in Airteagal 7(1)(g) de Rialachán (AE) 1151/2012.
- (19) I dtaca le freasúraí na bhfreasúróirí i gcoinne chomhlíonadh riachtanach pharaiméadair an chóimheasa iseatópaigh, tugadh na paraiméadair sin isteach chun tanú féideartha an fhinéagair fíona a bhrath ar bhealach níos fearr agus chun feabhas a chur ar an gcóras rialúcháin le haghaidh “Aceto Balsamico di Modena”. Déantar fíorú an chóimheasa iseatópaigh ag an gcéim táirgthe ar aon chuma, agus dá bhrí sin ní dhéanann sé difear ach do tháirgeoirí “Aceto Balsamico di Modena”.
- (20) Dá réir sin, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Aceto Balsamico di Modena” (TGFC) a fhorghas.
- (21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Na leasuithe ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Aceto Balsamico di Modena” (TGFC), is leasuithe iad atá formheasta anois.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).



*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/513 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Márta 2023

**lena leasaítear Iarscríbhinní XV agus XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le táirgí feola ó chrúbacha, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim agus i dtaca le huibheacha agus táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos, *inter alia*, na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus tá feidhm aige ón 21 Aibreán 2021. Ceann de na ceanglais sláinte ainmhithe sin is ea nach mór do na coinsíneachtaí sin a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d’ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chriosanna nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, foráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha ná táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoina raon feidhme a theacht isteach san Aontas ach amháin más ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a thagann siad, a liostaítear le haghaidh na speiceas agus na gcatagóirí áirithe sin ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch i gcomhréir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó de chriosanna nó de dheighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear do na speicis agus do na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí a leagan amach in Iarscríbhinn I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (4) Le hIarscríbhinn XV, Cuid 1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaráítear táirgí feola ó chrúbacha, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas. Le hIarscríbhinn XIX, Cuid 1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaráítear coinsíneachtaí uibheacha agus táirgí uibhe a theacht isteach san Aontas.
- (5) Tá iarratas curtha isteach ag an Moldóiv chuig an gCoimisiún ar údarú le haghaidh coinsíneachtaí de tháirgí feola ó éanlaith chlóis, seachas raititígh, agus uibheacha, a theacht isteach san Aontas, agus thug sí ráthaíochtaí maidir leis an tríú tír sin a bheith ag comhlíonadh na gceanglas maidir le fógra a thabhairt i leith na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 atá ábhartha d’éanlaith chlóis, agus

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

ráthaíochtaí maidir leis an trú tír sin a bheith ag comhlíonadh na gceanglas ábhartha de chuid an Aontais maidir le sláinte ainmhithe nó ceanglais choibhéiseacha. Dá bhrí sin, agus staid sláinte éanlaithe clóis sa Mholdóiv á cur san áireamh, is iomchuí an trú tír sin a chur ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn XV, Cuid 1 agus in Iarscríbhinn XIX, Cuid 1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann le táirgí feola ó éanlaith chlóis seachas raitígh agus le huibheacha.

- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní XV agus XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní XV agus XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní XV agus XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn XV, i gCuid 1, cuirtear an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an Moldóiv isteach idir an iontráil a bhaineann le Maracó agus an iontráil a bhaineann le Montainéagró:

<b>“MD</b> An Mholdóiv	MD-0	Neamhú- daraithe	Neamhú- daraithe	Neamhú- daraithe	Neamhú- daraithe	Neamhú- daraithe	Neamhú- daraithe	Neamhú- daraithe	D	Neamhú- daraithe	Neamhú- daraithe	<b>MPST”</b>	
------------------------------	------	---------------------	---------------------	---------------------	---------------------	---------------------	---------------------	---------------------	---	---------------------	---------------------	--------------	--

(2) In Iarscríbhinn XIX, i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Moldóiv:

<b>“MD</b> An Mholdóiv	MD-0	Uibheacha	E				
		Táirgí uibhe	EP”				

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/514 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 8 Márta 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann le táirgí an-mhínphróiseáilte, leis an liosta de thríú tíortha a bhfuil plean rialaithe formheasta acu agus leis an Moldóiv a chur leis an liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d'uibheacha a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh mar uibheacha Aicme A a theacht isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) <sup>(1)</sup>, agus go hairithe Airteagal 127(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2017/625 agus is é is aidhm dó a áirithiú i gcás coinsíneachtaí de bhia-ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine ó thríú tíortha nó ó réigiúin sna tíortha sin go gcomhlíonfaidh na coinsíneachtaí sin ceanglais áirithe de chuid an Aontais maidir le sábháilteacht bia, nó na ceanglais a aithnítear a bheith ar a laghad coibhéiseach leo. Go háirithe, saináithnítear sa Rialachán sin na hainmhithe agus na hearraí a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus atá faoi réir an cheanglais maidir le teacht ó thríú tír nó réigiún sa tír sin atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625.
- (2) Déantar foráil le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 nach bhfuil coinsíneachtaí áirithe de bhia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha le teacht isteach san Aontas ach ó thríú tír atá ar an liosta de thríú tíortha a fhormheastar i dtaobh na gcoinsíneachtaí sin a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas.
- (3) Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí de tháirgí áirithe atá an-mhínphróiseáilte agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas.

<sup>(1)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

- (4) Ó rinneadh leasú <sup>(4)</sup> le déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup>, tá díorthaigh shaille agus blastáin bhia a údaraítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup> cumhdaithe faoi tháirgí an-mhínphróiseáilte, faoi réir cóireálacha lena gcuirtear deireadh le haon riosca don tsláinte phoiblí nó do shláinte ainmhithe. Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú le bheith comhsheasmhach leis an athrú sin.
- (5) Tá plean rialaithe curtha isteach ag an Asarbaiseáin, plean ina gcumhdaítear eochraí agus caibheár. Leis an bplean tugtar ráthaíochtaí leordhóthanacha agus ba cheart é a fhormheas dá bhrí sin.
- (6) Tá plean rialaithe curtha isteach ag an Liobáin, plean ina gcumhdaítear mil. Leis an bplean tugtar ráthaíochtaí leordhóthanacha agus ba cheart é a fhormheas dá bhrí sin.
- (7) Liostaítear Oileán Mhanann sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ós rud é go ndéanann sé feoil de chineál caorach agus de chineál gabhair a onnmhairiú chuig an Aontas uaidh. Mar sin féin, chuir Oileán Mhanann an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil suim aige a thuilleadh feoil de chineál gabhair a onnmhairiú chuig an Aontas. Dá bhrí sin, san iontráil maidir le hOileán Mhanann a bhaineann le feoil de chineál caorach agus de chineál gabhair sa tábla sin d'Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, níor cheart a chumhdach léi ach feoil de chineál caorach.
- (8) Liostaítear an tSeapáin sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ós rud é go ndéanann sí muiceoil a onnmhairiú chuig an Aontas uaidh. Mar sin féin, chuir an tSeapáin an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil suim aici a thuilleadh plean rialaithe maidir le muiceoil a chur isteach agus nach bhfuil sé ar intinn aici ach muiceoil de thionscnamh na mBallstát nó tríú tíortha óna n-údaraítear na táirgí sin a theacht isteach san Aontas a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir leis an tSeapáin a bhaineann le muiceoil a oiriúnú dá réir in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.
- (9) Liostaítear an Ríocht Aontaithe sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ós rud é go ndéanann sí feoil choinín a onnmhairiú chuig an Aontas uaidh. Mar sin féin, chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil suim aici a thuilleadh plean rialaithe maidir le feoil choinín a chur isteach ach nach bhfuil sé ar intinn aici ach feoil choinín de thionscnamh na mBallstát nó tríú tíortha óna n-údaraítear na táirgí sin a theacht isteach san Aontas a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir leis an Ríocht Aontaithe a bhaineann le feoil choinín a oiriúnú dá réir in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.
- (10) Níl plean rialaithe maidir le bainne curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Téalainn. Mar sin féin, thug an Téalainn ráthaíochtaí nach n-úsáidfear ach bainne de thionscnamh na mBallstát nó tríú tíortha óna n-údaraítear bainne a theacht isteach san Aontas. Chuir sé an Coimisiún ar an eolas freisin nach mbeidh bainne den sórt sin atá le honnmhairiú chuig an Aontas teoranta do tháirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí bainne próiseáilte. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir leis an Téalainn a bhaineann le bainne a oiriúnú dá réir in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.
- (11) Tá plean rialaithe curtha isteach ag Stáit Aontaithe Mheiriceá, plean ina gcumhdaítear cásálacha. Leis an bplean tugtar ráthaíochtaí leordhóthanacha agus ba cheart é a fhormheas dá bhrí sin.
- (12) Liostaítear Ruanda faoi láthair sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le haghaidh meala agus liostaítear an Cholóim agus an tSiria le haghaidh cásálacha. Ós rud é nach bhfuil pleananna maidir leis na táirgí sin curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag na tríú tíortha sin, ba cheart na hiontrálacha sin a scriosadh ón tábla atá san Iarscríbhinn sin.
- (13) Tá clár rialaithe maidir le *Salmonella* in ealtaí béaróg curtha isteach ag an Moldóiv ionas go mbeidh sí údaraithe i dtaobh uibheacha aicme A a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Rinne an Coimisiún measúnú ar an gclár rialaithe sin agus fuarthas go raibh sé sásúil. An chomhlíontacht a bhaineann leis na ceanglais maidir le rialú *Salmonella* i gcomhréir le hAirteagal 10(6) de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(7)</sup>, rinneadh an chomhlíontacht sin a sheiceáil faoi dhó le linn an iniúchta a rinne an Coimisiún i mí Aibreáin 2022 <sup>(8)</sup>. Dá bhrí sin, ba cheart an Mholdóiv a údarú i dtaobh uibheacha aicme A a theacht isteach san Aontas.

<sup>(4)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2258 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch a mhéid a bhaineann le táirgí iascaigh, le huibheacha agus le táirgí an-mhínphróiseáilte áirithe, agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le moilisc dhébhlaoscacha áirithe (IO L 299, 18.11.2022, lch. 5).

<sup>(5)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

<sup>(6)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaitithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE (IO L 354, 31.12.2008, lch. 34).

<sup>(7)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le rialú *Salmonella* agus oibreáin zónóiseacha bia-iompartha sonrath eile (IO L 325, 12.12.2003, lch. 1).

<sup>(8)</sup> DG(SANTE)2021-7268 – tuarascáil deiridh le fáil ar <https://ec.europa.eu/food/audits-analysis/audit-report/details/4533>

- (14) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir.
- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“I gcás coinsíneachtaí de tháirgí áirithe atá an-mhínphróiseáilte mar a shainmhínítear i Roinn XVI d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, agus a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad a theacht san Aontas ach amháin má thagann siad ó na tríú tíortha seo a leanas nó na réigiúin seo a leanas sna tíortha sin.”;

- (2) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn -I;
- (3). Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405:

## ‘IARSCRÍBHINN -I

**Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a bhfuil plean rialaithe formheasta acu maidir le bia-ainmhithe áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, dá dtagraítear in Airteagal 2a, Airteagal 3, Airteagal 6, an chéad mhír, Airteagal 7, an chéad mhír, Airteagal 10, an dara mír, Airteagail 11, 15, 16, 21 agus Airteagal 25, pointí (a) agus (c)**

Cód ISO na Tíre	Tríú tír <sup>(1)</sup> nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caora-ch/ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú <sup>(17)</sup>	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fhiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
AD	Andóra	X	X	Δ	X		P						X	
AE	Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha						Δ P	X <sup>(2)</sup> O	O				X <sup>(2)</sup>	
AL	An Albáin		X				X <sup>(14)</sup> P	O	X					X
AM	An Airméin						X <sup>(14)</sup> P	O	O				X	
AR	An Airgintín	X	X		X	X	X <sup>(14)</sup> P	X	X	X	X	X	X	X
AU	An Astráil	X	X		X		X M	X	X		X	X	X	X
AZE	An Asarbaiseáin						X <sup>(16)</sup> P							
BA	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	X	X	X		X	X <sup>(14)</sup> P	X	X				X	
BD	An Bhanglaidéis						X P	O	O					
BF	Buircíne Fasó												X	
BJ	Beinin												X	
BN	Brúiné						X <sup>(15)</sup> P	O	O					
BR	An Bhrasaíl	X			X	X	X P	O	O				X	X



Cód ISO na Tíre	Tríú tír <sup>(1)</sup> nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caoraich/ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú <sup>(17)</sup>	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fhiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
BW	An Bhotsuáin	X					P							
BY	An Bhealarúis				X <sup>(8)</sup>		X <sup>(14)</sup> P	X	X				X	X
BZ	An Bheilís						X <sup>(15)</sup> P	O	O					
CA	Ceanada	X	X	X	X	X	X M	X	X	X	X	X	X	
CH	An Eilvéis <sup>(7)</sup>	X	X	X	X	X	X <sup>(14)</sup> M	X	X	X	X	X	X	X
CL	An tSile	X	X <sup>5</sup>	X		X	X <sup>(14)</sup> M	X	O		X		X	X
CM	Camarún												X	
CN	An tSín					X	X P	O	X	X			X	X
CO	An Cholóim						X P	X	Δ					
CR	Cósta Ríce						X P	O	O					
CU	Cúba						X <sup>(15)</sup> P	O	O				X	
DO	An Phoblacht Dhoiminiceach												X	
EC	Eacuadór						X P	O	O					
EG	An Éigipt													X
ET	An Aetóip												X	
FK	Oileáin Fháclainne	X	X <sup>(5)</sup>				X <sup>(14)</sup> P	O	O					
FO	Oileáin Fharó						X <sup>(14)</sup> P	O	O					

Cód ISO na Tíre	Tríú tír <sup>(1)</sup> nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caora-ch/ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú <sup>(17)</sup>	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fhiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
GB	An Ríocht Aontaithe <sup>(9)</sup>	X	X	X	X	X	X <sup>(14)</sup> Δ M	X	X	Δ	X	X	X	X
GE	An tSeoirsia												X	
GG	Geansaí						O M	X	O					
GL	An Ghraonlainn		X <sup>(2)</sup>				M					X		
GT	Guatamala						X <sup>(15)</sup> P	O	O				X	
HK	Hong Cong						Δ P		Δ					
HN	Hondúras						X P	O	O					
ID	An Indinéis						X P	O	O					
IL	Iosrael <sup>(4)</sup>					X	X <sup>(14)</sup> P	X	X				X	
IM	Oileán Mhanann	X	X <sup>(5)</sup>	X			X <sup>(14)</sup> M	X	O				X	
IN	An India					O	X P	O	X				X	X
IR	An Iaráin						X <sup>(15)</sup> X <sup>(16)</sup> P	O	O					X
JE	Geirsí	X					M	X	O					
JM	Iamáice						M						X	
JP	An tSeapáin	X		Δ		X	X <sup>(14)</sup> M	X	X				Δ	X
KE	An Chéinia						X <sup>(14)</sup> P	O	O					

Cód ISO na Tíre	Tríú tír <sup>(1)</sup> nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caoraich/ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú <sup>(17)</sup>	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fhiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
KR	An Chóiré Theas					X	X M	O	O				Δ	
LB	An Liobáin												X	X
LK	Srí Lanca						X P	O	O					
MA	Maracó					X	X <sup>(14)</sup> Δ M	O	O					X
MD	An Mholdóiv					X	X <sup>(14)</sup> P	X	X				X	
ME	Montainéagró	X	X <sup>(5)</sup>	X		X	X <sup>(14)</sup> P	X	X				X	
MG	Madagascar						X P	O	O				X	
MK	An Mhacadóin Thuaidh	X	X	X		X	X <sup>(14)</sup> P	X	X		X		X	
MM	Maenmar						X P	O	O				X	
MN	An Mhongóil													X
MU	Oileán Mhuiris						X <sup>(14)</sup> P	O	O				Δ	
MX	Meicsiceo			Δ			X P	O	X				X	
MY	An Mhalaeisia					Δ	X P	O	O					
MZ	Mósaimbíc						X <sup>(15)</sup> P	O	O					
NA	An Namaib	X	X <sup>(5)</sup>				P				X			
NC	An Nua-Chaladóin						X <sup>(15)</sup> P	O	O			X	X	

Cód ISO na Tíre	Tríú tír (!) nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caora-ch/ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú (! <sup>7</sup> )	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fhiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
NG	An Nigéir						X (! <sup>5</sup> ) P	O	O					
NI	Nicearagua						X (! <sup>5</sup> ) P	O	O				X	
NZ	An Nua-Shéalainn	X	X	O	X	O	X (! <sup>4</sup> ) M	X	O	O	X	X	X	X
PA	Panama						X P	O	O					
PE	Peiriú						X M	O	O					
PH	Na hOileáin Philipíneacha						X P	O	O					
PK	An Phacastáin													X
PM	San Pierre agus Miquelon					X	P							
PN	Oileáin Pitcairn												X	
PY	Paragua	X					P							X
RS	An tSeirbia	X	X	X	X (! <sup>8</sup> )	X	X (! <sup>4</sup> ) P	X	X	X	X		X	X
RU	An Rúis	X	X	X		X	O P	X	X			X (! <sup>9</sup> )	X	X
RW	Ruanda													
SA	An Araib Shádach						X P	O	O					
SG	Singepór	Δ	Δ	Δ	X (! <sup>10</sup> )	Δ	X (! <sup>4</sup> ) P	Δ	Δ		X (! <sup>10</sup> )	X (! <sup>10</sup> )		
SM	San Mairíne	X		Δ			O P	X	O				X	
SV	An tSalvadóir												X	

Cód ISO na Tíre	Tríú tír <sup>(1)</sup> nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caoraich/ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú <sup>(17)</sup>	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fhiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
SY	An tSiria													
SZ	Eswatini	X					P							
TG	Tóga												X	
TH	An Téalainn	O		O		X	X M	Δ	Δ				X	
TN	An Túinéis						X <sup>(14)</sup> M	O	O					X
TR	An Tuirc					X	X <sup>(14)</sup> M	X	X				X	X
TW	An Téaváin						X P	O	X				X	
TZ	An Tansáin						X <sup>(15)</sup> P	O	O				X	
UA	An Úcráin	X		X		X	X <sup>(14)</sup> M	X	X	X			X	X
UG	An Téaváin												X	
US	Na Stáit Aontaithe	X	X <sup>(11)</sup>	X		X	X M	X	X	X	X	X	X	X
UY	Uragua	X	X		X		X <sup>(14)</sup> M	X	O		X		X	X
UZ	An Úisbéiceastáin													X
VE	Veiniséala						X <sup>(15)</sup> P	O	O					
VN	Vítneam						X M	O	O				X	
WF	Vailís agus Futúna												X	
XK	An Chosaiv <sup>(12)</sup>					Δ								
ZA	An Afraic Theas						P				X	X <sup>(13)</sup>		
ZM	An tSaimbia												X	

---

(<sup>1</sup>) Liosta tríú tíortha agus críoch (níl sé teoranta do thríú tíortha arna n-aithint ag an Aontas).

(<sup>2</sup>) Bainne camail, agus é sin amháin.

(<sup>3</sup>) Réigiún Ras al Khaimah, agus an réigiún sin amháin.

(<sup>4</sup>) Tuigtear anseo feasta gurb é Stát Iosrael é, cé is moite de na críocha faoi riar Stát Iosrael tar éis an 5 Meitheamh 1967, is é sin Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.

(<sup>5</sup>) Speicis de chineál caorach, agus iad sin amháin.

(<sup>6</sup>) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótocal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.

(<sup>7</sup>) I gcomhréir leis an gComhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).

(<sup>8</sup>) Onnmhairiú each-ainmhithe beo chun an Aontais a bhfuil sé beartaithe iad a mharú (bia-ainmhithe, agus na hainmhithe sin amháin).

(<sup>9</sup>) Réinfhianna, agus iad sin amháin.

(<sup>10</sup>) I gcás coinsíneachtaí feola úire de thionscnamh na Nua-Shéalainne, a bheartaítear a chur chuig an Aontas agus a bheidh á ndíluchtú, le stóráil nó gan stóráil, i Singeapór agus a bheidh á n-athlóidáil i mbunaíocht fhormheasta le linn dóibh a bheith ar idirthuras trí Shingeapór, agus ina gcás siúd amháin.

(<sup>11</sup>) Speicis de chineál gabhair, agus iad sin amháin.

(<sup>12</sup>) Ní dochar an t-ainmniú sin do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

(<sup>13</sup>) Raitítigh, agus iad sin amháin.

(<sup>14</sup>) Éisc eite, agus iad sin amháin.

(<sup>15</sup>) Crústaigh, agus iad sin amháin.

(<sup>16</sup>) Eochraí agus caibheár, agus iad sin amháin.

(<sup>17</sup>) Le dobharshaothrú, cumhdaítear iasc eite, lena n-áirítear eascanna, agus táirgí ó éisc eite (amhail eochraí agus caibheár) agus crústaigh. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear le haghaidh moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí bheo, fhuaraithe, reoite nó phróiseáilte in Iarscríbhinn VIII, déantar iad a mharcáil iad le 'M' sa cholún seo'.

---

## IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405:

## IARSCRÍBHINN IV

**Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí uibheacha a bheartaítear a chur ar an margadh mar uibheacha Aicme A a theacht isteach san Aontas mar a thagraítear dóibh sa dara mhír d'Airteagal 7**

CÓD ISO NA TÍRE	TRÍÚ TÍR	NÓTAÍ
CH	An Eilvéis <sup>(1)</sup>	
GB	An Ríocht Aontaithe <sup>(2)</sup>	
JP	An tSeapáin	
MD	An Mholdóiv	
MK	An Mhacadóin Thuaidh	
UA	An Úcráin	

<sup>(1)</sup> I gcomhréir leis an gComhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).

<sup>(2)</sup> I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann'.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/515 ÓN gCOIMISIÚN****an 8 Márta 2023****lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí abaimeictin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/107/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áirítear abaimeictin mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) An formheas ar an tsubstaint ghníomhach abaimeictin, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé sin in éag an 30 Aibreán 2023.
- (4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na hIorua, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hOstaire, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, agus Mháita, chun formheas na substainte gníomhaí abaimeictin a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chuir na hiarratasóirí na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith iomlán.
- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údarás agus an Choimisiúin í an 17 Aibreán 2019. Ina dhreacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí an formheas ar abaimeictin a athnuachan.
- (7) Chuir an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan in iúl don iarratasóir agus do na Ballstáit chun barúlacha a fháil uathu agus chuir sé na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal freisin.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/107/CE ón gCoimisiún an 25 Samhain 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun abaimeictin, eapocsaconasól, feanprópamoirph, feinpiorocsamáit agus tralcocsaídím a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 316, 26.11.2008, lch. 4).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).



- (8) An 15 Iúil 2020, chuir an tÚdarás a conclúid <sup>(6)</sup> in iúl don Choimisiún maidir le cé acu is féidir nó nach féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh abaimectin na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Shainathin an tÚdarás roinnt saincheisteanna nárbh fhéidir a thabhairt chun críche. Go háirithe, sainathníodh rioscaí a mhéid a bhaineann le héin agus mamaigh, orgánaigh uisceacha agus macra-orgánaigh ithreach.
- (9) An 01 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún sainordú chuig an Údarás mar aon le hiarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú teagmhála agus an measúnú riosca a mhéid a bhaineann le héin agus mamaigh, orgánaigh uisceacha agus méisea-orgánaigh ithreach. Chuir an tÚdarás conclúid nuashonraithe chuig an gCoimisiún an 27 Iúil 2022 <sup>(7)</sup>. Sa Chonclúid nuashonraithe uaidh, dheimhnigh an tÚdarás na rioscaí a sainathníodh sa mheasúnú roimhe seo.
- (10) Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana agus an dréacht-Rialachán maidir le habaimectin faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 25 Márta 2021 agus chuir sé leaganacha athbhreithnithe den dá dhoiciméad faoin bhráid an 8 Nollaig 2022 chun na torthaí i gConclúid nuashonraithe an Údaráis a chur san áireamh.
- (11) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, a bharúlacha maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir isteach a bharúlacha maidir leis an dá leagan den dréacht-tuarascáil athnuachana agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (12) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil abaimectin, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (13) Tá an measúnú riosca chun formheas na substainte gníomhaí abaimectin a athnuachan bunaithe ar úsáidí ionadaíocha mar fheithidicíd agus mar acairicíd i mbarra faoi chosaint. Cé nach gá, i bhfianaise an mheasúnaithe riosca sin, an srian gan úsáid a bhaint aisti ach amháin mar fheithidicíd agus acairicíd a choinneáil, is gá, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 den Rialachán sin agus i bhfianaise an eolais eolaíoch agus theicniúil reatha, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha agus srianta áirithe. Is iomchúí, go háirithe, úsáid táirgí cosanta plandaí ina bhfuil abaimectin a shrianadh d'úsáidí lenar gceadaítear ábhar agus fuinneamh a mhalartú ar bhealach rialaithe leis an timpeallacht, chun cosc a chur ar scaoileadh táirgí cosanta plandaí amach sa chomhshaol agus chun an t-ardriosca a shainathnítear a bheith ann d'orgánaigh uisceacha agus d'orgánaigh talún fiáine nach spriocorgánaigh talún iad a mhaolú. Dá réir sin, féadfar úsáidí i dtithe gloine buana a údarú.
- (14) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.
- (15) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/378 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup>, cuireadh síneadh leis an tréimhse formheasa ar abaimectin go dtí an 30 Aibreán 2023 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir le hathnuachan roimh an dáta éaga sin ar cuireadh síneadh leis, agus á chur san áireamh go rachaidh an formheas reatha ar abaimectin in éag an 30 Aibreán 2023, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir agus feidhm a bheith agé níos luaithe ná an dáta sin.
- (16) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(6)</sup> EFSA Journal [Iris EPSA] 2020;18(8): 6227. Le fáil ar líne: [www.efsa.europa.eu](http://www.efsa.europa.eu).

<sup>(7)</sup> EFSA Journal [Iris EPSA] 2022;20(8): 7544. Le fáil ar líne: [www.efsa.europa.eu](http://www.efsa.europa.eu).

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/378 ón gCoimisiún an 04 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha abaimectin, *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, fospeiceas Aizawai de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, fospeiceas *Israeliensis* (séiritiopa H-14) de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál AM65-52, fospeiceas *Kurstaki* de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineaop, *Cydia pomonella* Granulovirus (CpGV), ciopróidíníl, déchlórpróp-P, feinporocsamáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, pirimeacarb, *Pseudomonas chlororaphis* tréithchineál MA342, pirimeiteanaíl, *Pythium oligandrum* M1, riomsulfúrón, spionasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, tríchlóipir, trineicseapac, tríthiaconasól agus sioram (IO L 72, 7.3.2022, lch. 2).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

An formheas ar an tsubstaint ghníomhach abaimeictin, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Aibreán 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht ( <sup>1</sup> )	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorpheasa	Forálacha sonracha
<p>Abameictin Uimh. CAS 71751-41-2</p> <p>Aiveirmeictin B1a Uimh. CAS 65195-55-3</p> <p>Aiveirmeictin B1b Uimh. CAS 65195-56-4</p> <p>Abameictin Uimh. CIPAC 495</p>	<p>Aiveirmeictin B1a (10E,14E,16E)-(1R,4S,5'S,6S,6'R,8R,12S,13S,20R,21R,24S)-6'-[(S)-tán-búitil]-21,24-déhidrocsai-5',11,13,22-teitrimetil-2-ocsa-(3,7,19-trí-ocsaitéitreatiogl [15.6.1.14,8.020,24] peinteacós-10,14,16,22-teitréin)-6-spirea-2'-(5',6'-déhidrea-2'H-pioran)-12-il 2,6-dédí-ocsa-4-O-(2,6-dédí-ocsa-3-O-meitil-<math>\alpha</math>-L-araibionó-heicseipioranóisil)-3-O-meitil-<math>\alpha</math>-L-araibionó-heicseipioranóisíd</p> <p>Aiveirmeictin B1b (10E,14E,16E)-(1R,4S,5'S,6S,6'R,8R,12S,13S,20R,21R,24S)-6'-[(S)-tán-búitil]-21,24-déhidrocsa-6'-iseapróipil-5',11,13,22-teitrimetil-2-ocsa-(3,7,19-trí-ocsaitéitreatiogl [15.6.1.14,8.020,24] peinteacós-10,14,16,22-teitréin)-6-spirea-2'-(5',6'-déhidrea-2'H-pioran)-12-il 2,6-dédí-ocsa-4-O-(2,6-dédí-ocsa-3-O-meitil-<math>\alpha</math>-L-araibionó-heicseipioranóisil)-3-O-meitil-<math>\alpha</math>-L-araibionó-heicseipioranóisíd</p>	<p><math>\geq</math> 850 g/kg d'abameictin (suim d'aiveirmeictin B1d agus d'aiveirmeictin B1b), íoschion 800 g/kg d'aiveirmeictin B1d agus 200 g/kg d'aiveirmeictin B1b ar a mhéad</p>	01 Aibreán 2023	31 Márta 2038	<p>Ní fhéadfar a údarú ach amháin úsáidí lena gceadaítear malartú rialaithe ábhair agus fuinnimh leis an timpeallacht agus lena gcoiscítear scaoileadh táirgí cosanta plandaí isteach sa chomhshaol, go háirithe úsáidí i dtithe gloine buana.</p> <p>Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le hAbameictin, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— oibreoirí agus oibríthe a chosaint, lena n-áiríthítear, mar chuid de na coinníollacha úsáide, go mbaintear leas as trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach, amhail úsáid lámhainní;</li> <li>— an éifeacht a bhíonn ag fótalú ar leibhéal iarmhair lotnaidicídí i mbarra. Ní mór aird ar leith a thabhairt chun a áirithiú go léirítear an staid iarmhar is criticiúla sna trialacha ar iarmhair ar bharr atá ar fáil. I gcás inarb iomchuí, ag brath ar an gcrios, cuirfear srianta séasúracha i bhfeidhm maidir le huainiú an chur i bhfeidhm (cf. cosc ar chur i bhfeidhm i gcás úsáidí ionadaíocha ó mhí na Samhna go dtí mí Feabhra).</li> </ul>

(<sup>1</sup>) Leis an tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 210 maidir le hAbaimeictin;

(2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht ( <sup>1</sup> )	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorhmeasa	Forálacha sonracha
"157	<p>Abaimeictin Uimh. CAS 71751-41-2</p> <p>Aiveirmeictin B1a Uimh. CAS 65195-55-3</p> <p>Aiveirmeictin B1b Uimh. CAS 65195-56-4</p> <p>Abaimeictin Uimh. CIPAC 495</p>	<p>Aiveirmeictin B1a (10E,14E,16E)-(1R,4S,5'S,6S,6'R,8R,12S,13S,20R,21R,24S)-6'-[(S)-tán-búitil]-21,24-déhidrocsai-5',11,13,22-teitrimetil-2-ocsa-(3,7,19-trí-ocsaitéitreatiogl [15.6.1.14,8.020,24] peinteacós-10,14,16,22-teitréin)-6-spirea-2'-(5',6'-déhidrea-2'H-pioran)-12-il 2,6-dédí-ocsa-4-O-(2,6-dédí-ocsa-3-O-meitil-α-L-araibionó-heicseipioranóisil)-3-O-meitil-α-L-araibionó-heicseipioranóisíd</p> <p>Aiveirmeictin B1b (10E,14E,16E)-(1R,4S,5'S,6S,6'R,8R,12S,13S,20R,21R,24S)-6'-[(S)-tán-búitil]-21,24-déhidrocsa-6'-iseapróipil-5',11,13,22-teitrimetil-2-ocsa-(3,7,19-trí-ocsaitéitreatiogl [15.6.1.14,8.020,24] peinteacós-10,14,16,22-teitréin)-6-spirea-2'-(5',6'-déhidrea-2'H-pioran)-12-il 2,6-dédí-ocsa-4-O-(2,6-dédí-ocsa-3-O-meitil-α-L-araibionó-heicseipioranóisil)-3-O-meitil-α-L-araibionó-heicseipioranóisíd</p>	<p>≥ 850 g/kg d'abaimeictin (suim d'aiveirmeictin B1d agus d'aiveirmeictin B1b), íoschion 800 g/kg d'aiveirmeictin B1d agus 200 g/kg d'aiveirmeictin B1b ar a mhéad</p>	01 Aibreán 2023	31 Márta 2038	<p>Ní fhéadfar a údarú ach amháin úsáidí lena gceadaítear malartú rialaithe ábhair agus fuinnimh leis an timpeallacht agus lena gcoiscítear scaoileadh táirgí cosanta plandaí isteach sa chomhshaol, go háirithe úsáidí i dtithe gloine buana.</p> <p>Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirtear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le hAbaimeictin, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.</p> <p>Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— oibreoirí agus oibríthe a chosaint, lena n-áiríthítear, mar chuid de na coinníollacha úsáide, go mbaintear leas as trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach, amhail úsáid lámhainní;</li> <li>— An éifeacht a bhíonn ag fótalú ar leibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbarra. Ní mór aird ar leith a thabhairt chun a áirithiú go léirítear an staid iarmhar is criticiúla sna trialacha ar iarmhair ar bharr atá ar fáil. I gcás inarb iomchuí, ag brath ar an gcrios, cuirtear srianta séasúracha i bhfeidhm maidir le huainiú an chur i bhfeidhm (cf. cosc ar chur i bhfeidhm i gcás úsáidí ionadaíocha ó mhí na Samhna go dtí mí Feabhra)."</li> </ul>

(<sup>1</sup>) Leis an tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/516 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 8 Márta 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí do bharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críoch eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 238(3), pointí (a) agus (c), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 90 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> leagtar amach na deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas.
- (2) Go háirithe, in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 leagtar amach an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí do bharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críoch eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine (deimhniú caighdeánach “AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER”). Leasaíodh Airteagal 166 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> le déanaí le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/119 <sup>(5)</sup> chun cead a thabhairt do ghairmithe sláinte ainmhithe uisceacha cigireachtaí cliniúla a dhéanamh ar choinsíneachtaí ainmhithe uisceacha sula n-onnmhairítear na hainmhithe sin chuig an Aontas, ar

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha i dtaca le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir le deimhnithe den sórt sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1251/2008 (IO L 442, 30.12.2020, lch. 410).

<sup>(4)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

<sup>(5)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/119 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dtéacht isteach (IO L 16, 18.1.2023, lch. 5).

choinníoll go bhfuil siad údaraithe sin a dhéanamh faoi dhlí na tríú tíre nó críche is onnmhaireoir. Ba cheart na ceanglais maidir leis na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas a léiriú i bpointe II.3.2 den deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 a leasú dá réir.

- (3) Chun aon chur isteach ar thrádáil a sheachaint a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí do bharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críoch eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine, maidir le deimhniú sláinte ainmhithe a eisítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, ba cheart a n-úsáid a údarú i gcónaí ar feadh idirthréimhse faoi réir coinníollacha áirithe.
- (4) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón 21 Aibreán 2021, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun trádáil a éascú, ba cheart éifeacht a bheith ag na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 mar ábhar práinne.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Ar feadh idirthréimhse go dtí an 15 Nollaig 2023, coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí do bharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críoch eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine, agus an deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leo arna eisiúint i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, údarófar na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas go fóill ar choinníoll gur eisiódh an deimhniú sin tráth nach déanaí ná an 15 Meán Fómhair 2023.

#### *Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236:

## ‘IARSCRÍBHINN II

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach seo a leanas in Iarscríbhinn II:

Deimhniú caighdeánach

AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/ OTHER	Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí do bharshaothraithe áirithe, lena scaoileadh san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, seachas lena gcaitheamh go díreach ag an duine
------------------------------------	---

**DEIMHNIÚ sláinte ainmhithe CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH TEACHT ISTEACH ainmhithe uisceacha SAN AONTAS ATÁ beartaithe LE hAGHAIDH BUNAÍOCHTAÍ DOBHARSHAOTHRAITHE ÁIRITHE, lena scaoileadh san fhiadhúlra, NÓ CHUN CRÍOCHA EILE, seachas LENA gCAITHEAMH GO DÍREACH AG AN DUINE (deimhniú caighdeánach 'AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER')**

TÍR		Deimhniú sláinte ainmhithe don Aontas Eorpach			
<b>Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</b>	<b>I.1 Coinsíneoir/Onnmhaireoir</b> Ainm Seoladh  Tír	Cód tíre ISO	<b>I.2 Tagairt an deimhnithe</b>	<b>I.2a Tagairt IMSOC</b>	
			<b>I.3 Údarás Inniúil Lárnach</b>	<b>CÓD QR</b>	
		<b>I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</b>			
	<b>I.5 Coinsíní/Allmhaireoir</b> Ainm Seoladh  Tír	Cód tíre ISO	<b>I.6 An t-Údarás Inniúil Áitiúil</b> Ainm Seoladh  Tír	Cód tíre ISO	<b>I.6a -oibrí</b>
	<b>I.7 An tír thionscnaimh</b>	Cód tíre ISO	<b>I.9 An tír chinn scríbe</b>	Cód tíre ISO	
	<b>I.8 An réigiún thionscnaimh</b>	Cód	<b>I.10 An réigiún cinn scríbe</b>	Cód	
	<b>I.11 Áit seolta</b> Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Foirmheasa  Cód tíre ISO	<b>I.12 Ceann scríbe</b> Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa  Cód tíre ISO	
	<b>I.13 Áit luchtaithe</b>		<b>I.14 Dáta agus am imeachta</b>		
	<b>I.15 Modh iompair</b> <input type="checkbox"/> Aerárthach <input type="checkbox"/> Iamróid Aitheantas	<input type="checkbox"/> Soitheach <input type="checkbox"/> Feithicil bhóthair	<b>I.16 Post Rialaithe Teorann um Theacht Isteach</b>	<b>I.17 Doiciméid tionlacain</b>  Cineál Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Cód Cód tíre ISO
	<b>I.18 Coinníollacha iompair</b>	<input type="checkbox"/> Comhthimpeallach	<input type="checkbox"/> Fuaraithe	<input type="checkbox"/> Reoite	
<b>I.19 Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala</b> Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala				
<b>I.20 An cineál deimhniúcháin</b> <input type="checkbox"/> Le coimeád thairis sin <input type="checkbox"/> Bunaíocht theoranta san fhiántas <input type="checkbox"/> Bunaíocht choraintín <input type="checkbox"/> Eile <input type="checkbox"/> Bunaíocht dobharshaothraithe ornáideach <input type="checkbox"/> Limistéar athsheachadta					
<b>I.21 <input type="checkbox"/> Le haghaidh iompair</b> Tríú tír	Cód tíre ISO	<b>I.22 <input type="checkbox"/> Don mhargadh inmheánach</b>			
		<b>I.23</b>			



I.24 Líon iomlán pacáistí			I.25 Cainníocht iomlán		I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán	
<b>I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht</b>						
Cód AC	Speici s	Fospiceas/Catagóir	Cineál an tráchtearra	Cineál pacáistíochta	Aois	Cainníocht
				An líon pacáistí		Glanmheáchan
				Uimhir formheasa nó cláruimhir na bunaíochta		an

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach

## AQUA

Cuid II: Deimhniúchán	II. Faisnéis sláinte	IIa Tagairt an deimhnithe	IIb Tagairt IMSOC
	<p>Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil, a bhfuil mó shníú thíos:</p> <p>II.1. De réir faisnéis oifigiúil, comhlíonann na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 na ceanglais seo a leanas maidir le sláinte ainmhithe:</p> <p>II.1.1. Is de thionscnamh [bunaíocht] <sup>(1)</sup> [gnáthóg] <sup>(1)</sup> iad na hainmhithe uisceacha, ar áit í nach bhfuil faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe nó toisc go raibh mortlaíocht neamhghnách ag tarlú lena bhfuil cúis neamhchinntithe, lena n-áirítear cabhair dá ghlacáil le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha do na speicis agus do ghalair atá ag teacht chun cinn.</p> <p>II.1.2. Ní bheartaítear na hainmhithe uisceacha a mharú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún is ábhartha do na speicis agus galair atá ag teacht chun cinn.</p> <p><sup>(1)</sup> II.2. Comhlíonann na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 na ceanglais seo a leanas:</p> <p>II.2.1. Tagann siad ó bhunaíocht do Bharshaothraithe atá [cláraithe] <sup>(1)</sup> [formheasta] <sup>(1)</sup> ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun agus a choimeád ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) speicis, catagóirí agus líon na n-ainmhithe do Bharshaothraithe ar an mbunaíocht do Bharshaothraithe;</li> <li>(ii) gluaiseachtaí ainmhithe uisceacha isteach sa bhunaíocht do Bharshaothraithe, agus ainmhithe do Bharshaothraithe amach aisti;</li> <li>(iii) mortlaíocht sa bhunaíocht do Bharshaothraithe.</li> </ul> <p>II.2.2. Tagann siad ó bhunaíocht do Bharshaothraithe ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do na galair liostaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 is ábhartha do na speicis agus do ghalair atá ag teacht chun cinn, de réir minicíocht atá i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht do Bharshaothraithe.]</p> <p><b>II.3. Ceanglais ghinearálta maidir le sláinte ainmhithe</b></p> <p>Comhlíonann na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 na ceanglais sláinte ainmhithe seo a leanas:</p> <p>II.3.1. Is de thionscnamh [tír] <sup>(1)</sup>[críoch], <sup>(1)</sup>[crios] <sup>(1)</sup> [deighleog] <sup>(1)</sup> ag a bhfuil an cód seo a leanas iad na hainmhithe uisceacha: ___ - ___ <sup>(2)</sup> atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe seo, liostaithe i gCuid I d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 <sup>B</sup> ón gCoimisiún maidir speiceas áirithe d'ainmhithe uisceacha teacht isteach san Aontas.</p> <p>II.3.2. Rinneadh cigireacht chliniciúil orthu i gcomhréir le hAirteagal 166 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 laistigh de thréimhse 72 uair an chloig roimh an luchtaithe. I rith na cigireachta, ní léirigh na hainmhithe uisceacha aon chomhartha cliniciúil de ghalair in bunáochta do Bharshaothraithe, ní léiríodh aon fhadhb maidir le galar.</p> <p>II.3.3. Seolfar chuig an Aontas iad go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh.</p> <p>II.3.4. Ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe uisceacha ag a raibh stádas sláinte níos ísle.</p> <p><sup>(1)</sup> cibé acu</p> <p><b>II.4. Ceanglais shonracha maidir le sláinte</b></p>		

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach

## AQUA

	<p>(1) <b>II.4.1.</b> Ceanglais maidir le speicis liostaithe<sup>(3)</sup> i dtaca le Neacróis fhuilghinte eipeasótach, Ionfhabhtú le <i>Mikrocytos mackini</i>, Ionfhabhtú le <i>Perkinsus marinus</i>, Ionfhabhtú le Víreas shiondróm Taura agus Ionfhabhtú le víreas na gceann buí</p> <p>Na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht i mBosca I.27, is de thionscnamh <sup>(1)</sup> [tír] <sup>(1)</sup> [críoch] <sup>(1)</sup> [crios] <sup>(1)</sup> [deighleog] iad ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ó <sup>(1)</sup> [Neacróis fhuilghinte eipeasótach] <sup>(1)</sup> [Ionfhabhtú le <i>Mikrocytos mackini</i>] <sup>(1)</sup> [Ionfhabhtú le <i>Perkinsus marinus</i>] <sup>(1)</sup> [Ionfhabhtú le Víreas shiondróm Taura] <sup>(1)</sup> [Ionfhabhtú le víreas na gceann buí] i gcomhréir le coinníollacha atá chomh dian ar a laghad agus atá na ceanglais sin a leagtar amach in Airteagal 66 nó in Airteagal 73 <sup>(1)</sup> agus Airteagal 73(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 <sup>C</sup> ón gCoimisiún agus i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas fíor faoi na <sup>(3)</sup> speicis liostaithe uile i dtaca leis an ngalar nó na galair ábhartha:</p> <p>(i) tugadh isteach iad ó thír nó ó chríoch eile, nó ó chrios nó ó dheighleog eile de thír nó de chrios eile ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ón ngalar céanna (ó na galair chéanna);</p> <p>(ii) nach bhfuil vacsaínithe in aghaidh an ghalair sin <sup>(1)</sup> nó na ngalar [sin]<sup>(1)</sup>.</p> <p>(1)(4) <b>II.4.2.</b> Ceanglais maidir le speiceas liostaithe<sup>(3)</sup> i dtaca le Seipticéime fuilreatha víreasach (VHS), Neacróis fhuilghinte thógálach (IHN), ionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch HPR <i>Marteilia refringens</i>, ionfhabhtú le <i>Bonamia exitiosa</i>, ionfhabhtú le <i>Bonamia ostreae</i>, agus ionfhabhtú le Víreas na spotaí bána</p> <p>Maidir leis na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 is de thionscnamh [tír] <sup>(1)</sup> [críoch] <sup>(1)</sup> [crios] <sup>(1)</sup> [deighleog] <sup>(1)</sup> iad ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ó [Seipticéime fuilreatha víreasach (VHS)] <sup>(1)</sup> [Neacróis fhuilghinte thógálach (IHN)] <sup>(1)</sup> [ionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch HPR] <sup>(1)</sup> [ionfhabhtú le <i>Marteilia refringens</i>] <sup>(1)</sup> [ionfhabhtú le <i>Bonamia exitiosa</i>] <sup>(1)</sup> [ionfhabhtú le <i>Bonamia ostreae</i>] <sup>(1)</sup> [ionfhabhtú le Víreas na spotaí bána] <sup>(1)</sup> i gcomhréir le Cuid II, Caibidil 4, de Rialachán (AE) 2020/689 agus i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas fíor maidir leis na <sup>(3)</sup> speicis liostaithe uile i dtaca leis an ngalar nó na galair ábhartha:</p> <p>(i) tugadh isteach iad ó thír nó ó chríoch eile, nó ó chrios nó ó dheighleog eile de thír nó de chrios eile ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ón ngalar céanna (ó na galair chéanna);</p> <p>(ii) nach bhfuil vacsaínithe in aghaidh an ghalair sin <sup>(1)</sup> nó na ngalar [sin]<sup>(1)</sup>.</p> <p>(1)(5) <b>II.4.3.</b> Ceanglais le haghaidh na <sup>(6)</sup> speiceas atá so-ghabhálach i leith ionfhabhtú víréime an Earraigh um víreas carbáin (SVC), galar baictéarach duáin (BKD), ionfhabhtú leis an víreas neacróis phaincréasach thógálach (IPN), ionfhabhtú le Gíreadachtalóis (GS), ionfhabhtú le alfa-víreas salmainide (SAV) ionfhabhtú le víreas heirpéis Ostreid 1 μvar (OsHV-1 μvar) agus na speiceas <sup>(3)</sup> atá so-ghabhálach i leith víreas heirpéis Koi</p> <p>Maidir leis na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 is de thionscnamh [tír] <sup>(1)</sup> [críoch] <sup>(1)</sup> [crios] <sup>(1)</sup> [deighleog] iad lena gcomhlíontar na ráthaíochtaí sláinte a mhéid a bhaineann le [SVC], <sup>(1)</sup> [BKD], <sup>(1)</sup> [IPN] <sup>(1)</sup> [GS], <sup>(1)</sup> [SAV], <sup>(1)</sup> [OsHV-1 μvar] <sup>(1)</sup> [KHV] <sup>(1)</sup> is gá chun na bearta náisiúnta a chomhlíonadh is infheidhme sa Bhallstát cinn scríbe, i gcomhréir le hAirteagal 175 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a bhfuil an Ballstát nó cuid de, liostaithe in [Iarscríbhinn I] <sup>(1)</sup> [Iarscríbhinn II] <sup>(1)</sup> a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún <sup>D</sup>.</p> <p>(1) nó <b>II.4.</b> Ceanglais shonracha maidir le sláinte</p> <p>Is ainmhithe uisceacha iad na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 atá dírithe ar bhunaíocht theoranta a chomhlíonann ceanglais Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 <sup>E</sup> ón gCoimisiún i gcás ina bhfuil siad le húsáid chun críocha taighde.]</p>
--	--

## TÍR

## AQUA

## Deimhniú caighdeánach

(1) nó	<p><b>II.4. Ceanglais shonracha maidir le sláinte</b> Is ainmhithe uisceacha fiáine iad na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 [a cuireadh i gcoraintín i mbunaíocht a formheasadh chun na críche sin ag an údarás inniúil sa [tír] <sup>(1)</sup> [críoch] <sup>(1)</sup> thionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691.] <sup>(1)</sup> [a chuirfear i gcoraintín i mbunaíocht a formheasadh chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691.] <sup>(1)</sup></p> <p><b>II.5.</b> A mhéid is eol dom, agus mar a dhearbhaíonn an t-oibreoir, na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27, ní léiríonn siad aon siomptóm galair agus tagann siad ó [bunaíocht] <sup>(1)</sup> [gnáthóg] <sup>(1)</sup> a bhfuil na dálaí seo a leanas ag baint léi:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) ní raibh aon bhás mínormálta inti a raibh cúis neamhchinnithe leis; agus</li> <li>(ii) ní raibh na hainmhithe uisceacha i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe <sup>(3)</sup> nár chomhlíon na ceanglais dá dtagraítear i bpointe II.I.</li> </ul> <p><b>II.6. Ceanglais iompair</b> Rinneadh socruithe chun na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 a iompar i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 167 agus 168 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus an méid seo a leanas go sonrath:</p> <p><b>II.6.1.</b> seoltar na hainmhithe uisceacha chuig an Aontas go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh agus ní dhífluctaítear óna gcoimeádán iad nuair a iompraítear trí aeriompar, ar muir, d'iamróid nó de bhóthar iad;</p> <p><b>II.6.2.</b> ní dhéantar an t <b>uisce ina</b> gcrios nó i ndeighleog de thríú tír nó de chríoch nach bhfuil liostaithe maidir leis na speicis áirithe agus leis an gcatagóir áirithe d'ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas;</p> <p><b>II.6.3.</b> ní iompraítear na hainmhithe faoi dhálaí lena gcuirtear a stádas sláinte i mbaol, go háirithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) i gcás ina n a stádas sláinte;</li> <li>(ii) tá an modh iompair agus na coimeádáin tógtha ar bhealach nach gcuirtear stádas sláinte na n-ainmhithe uisceacha i gcontúirt le linn a n-iompair;</li> <li>(iii) níor úsáideadh [an coimeádán] <sup>(1)</sup> [an bád umair] <sup>(1)</sup> roimhe nó glanadh agus díghalraíodh é, i gcomhréir le prótacal agus le táirgí a bheidh formheasta ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, sular luchtáíodh iad lena seoladh chuig an Aontas;</li> </ul> <p><b>II.6.4.</b> ón am a luchtáítear iad ag an mbunaíocht tionscnaimh go dtí an t-am a shroicheann siad an tAontas, ní iomprófar na hainmhithe uisceacha sa choinsíneacht ar a dtugtar tuairisc i mBosca I.27 san uisce céanna ná sa [coimeádán] <sup>(1)</sup> [bád umair] <sup>(1)</sup> in éineacht le hainmhithe uisceacha a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu nó nach bhfuil beartaithe lena dteacht isteach san Aontas;</p> <p><b>II.6.5.</b> i gcás inar gá uisce a mhalartú [i dtríú tír] <sup>(1)</sup> [i gcríoch] <sup>(1)</sup> [i gcrios] <sup>(1)</sup> [i ndeighleog] <sup>(1)</sup> atá liostaithe maidir leis an speiceas áirithe agus leis an gcatagóir áirithe ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas, ní tharlaíonn sé sin ach amháin [i gcás iompair ar thalamh, ag pointí malartaithe uisce a bheidh formheasta ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche mar a dtarlaíonn an malartú uisce.] <sup>(1)</sup> [i gcás iompair ar bhád umair, ag achar atá 10 km ar a laghad ó aon bhunaíocht do bharshaothraithe atá lonnaithe ar an tsí ón áit tionscnaimh chuig an gceann scríbe san Aontas.] <sup>(1)</sup></p>
--------	---

## TÍR

## AQUA

## Deimhniú caighdeánach

**II.7. Ceanglais maidir le lipéadú**

Rinneadh socruithe maidir [leis na modhanna iompair] <sup>(1)</sup> [leis na coimeádáin] <sup>(1)</sup> a shainnithint agus a lipéadú i gcomhréir le hAirteagail 169(1) agus 169(2) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2020/692 agus go sonrach:

- II.7.1. sainnithnítear an choinsíneacht [le lipéad inléite infheicthe ar thaobh amuigh an choimeádáin] <sup>(1)</sup> [le hiontráil i lastliosta na loinge agus í á hiompar le bád umair.] <sup>(1)</sup> lena nasctar an choinsíneacht go soiléir leis an deimhniú sláinte ainmhithe seo;
- II.7.2. ar an lipéad inléite agus infheicthe beidh an méid seo a leanas, ar a laghad:
- (a) an líon coimeádán sa choinsíneacht;
  - (b) ainm na speiceas atá i ngach coimeádán;
  - (c) an líon ainmhithe i ngach coimeádán i dtaca le gach ceann de na speicis atá ann;
  - (d) an chríoch dá bhfuil na hainmhithe uisceacha beartaithe.

**II.8. Bailíocht an deimhniú sláinte ainmhithe**

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo bailí ar feadh tréimhse 10 lá ón dáta eisiúna. I gcás ina n-10 lá sin ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

**Nótaí**

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótocal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí don Aontas sa deimhniú sláinte ainmhithe seo.

Ciallaíonn ‘ainmhithe uisceacha’ ainmhithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (3), de Rialachán (AE) 2016/429.

‘Ainmhithe do bharshaothraithe’ is ea ainmhithe uisceacha atá faoi réir do bharshaothrú faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/429.

Maidir leis an deimhniú sláinte ainmhithe seo, tá sé beartaithe le haghaidh ainmhithe uisceacha a theacht isteach san Aontas, ainmhithe a bhfuil an chríoch atá beartaithe dóibh léirithe i dteideal an deimhniú, lena n-áirítear i gcás nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na n-ainmhithe sin.

Ní úsáidfeadh an deimhniú sláinte ainmhithe seo chun ainmhithe uisceacha lena gcaitheamh ag an duine teacht isteach san Aontas, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>H</sup> agus Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún <sup>I</sup>, lena n-ceaptha le cur go dtí na bunáochtaí do bharshaothraithe seo a leanas:

- (i) bunáocht rialaithe galar do bhia uisceach mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (52) de Rialachán (AE) 2016/429, nó
- (ii) lárionad seolta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2020/691.

I gcás na n-ainmhithe uisceacha sin, ní mór úsáid a bhaint as an deimhniú caighdeánach FISH-CRUST-HC ina leith, mar a leagtar amach i gCaibidil 28 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 <sup>F</sup> ón gCoimisiún, nó deimhniú caighdeánach MOL-HC mar a leagtar amach i gCaibidil 31 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, de réir mar is ábhartha.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe sin a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhniú dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach

## AQUA

<p><b>Cuid II:</b></p> <p>(1) Coimeád mar is iomchuí/scríos murab infheidhme. I gcás Chuid II.4.1., ní cheadaítear scríosadh más ann sa choinsíneacht do speicis atá liostaithe i dtaca le Neacróis fhuilghinte eipeasótach, Ionfhabhtú le <i>Mikrocytos mackini</i>, Ionfhabhtú le <i>Perkinsus marinus</i>, Ionfhabhtú le Víreas shiondróm Taura nó Ionfhabhtú le víreas na gceann buí.</p> <p>(2) Cód an thrú tír nó na críche, nó crios nó deighleog de thrú tír nó de chríoch mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.</p> <p>(3) Speicis liostaithe dá dtagraítear i gcolúin 3 agus 4 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882<sup>G</sup> ón gCoimisiún. Ní mheasfar gur speicis veicteora na speicis veicteora a liostaítear i gcolún 4 den tábla sin ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/692.</p> <p>(4) Infheidhme i ngach cás ina bhfuil ainmhithe uisceacha le scaoileadh amach san fhiadhúlra san Aontas nó i gcás ina bhfuil stádas saor ó ghalair ag an mBallstát cinn scríbe le haghaidh ghalair Chatagóir C mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (3), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, nó nuair atá an Ballstát faoi réir clár díothúcháin roghnach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429.</p> <p>(5) Níl sé infheidhme ach i gcás ina bhfuil bearta náisiúnta formheasta ag an mBallstát cinn scríbe nó cuid de, i bhfeidhm i dtaca le galar sonrath mar a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260; scríostar é i ngach cás eile.</p> <p>(6) Speicis a liostaítear i gcolún 2 den tábla in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260.</p>	
<p><b>Tréidlia oifigiúil</b></p> <p>Ainm (i gceannlitreacha)</p> <p>Dáta</p> <p>Stampa</p>	<p>Cáilíocht agus teideal Stampa</p> <p>Síniú</p>

- A Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).
- B Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thrú tírtha, de thrú críocha nó de chriosanna de thrú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).
- C Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, clár dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).
- D Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta ama gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2.2021, lch. 1).
- E Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le bunaíochtaí do bharshaothraithe agus le hiompróirí ainmhithe uisceacha (IO L 174, 3.6.2020, lch. 345).
- F Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 an 16 Nollaig 2020 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le Rialachán (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).
- G Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscitheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).
- H Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).<sup>4</sup>

## CEARTÚCHÁIN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról atreisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 20 an 31 Eanáir 2022)

1. Ar leathanach 11, Airteagal 1, pointe (a):

*in ionad:* “(a) ullmhúchán a dhéanamh maidir leis an tionchar a bheidh ag éigeandálaí sláinte poiblí ar tháirgí íocshláinte agus ar fheistí leighis agus an tionchar a bheidh ag mórimeachtaí ar tháirgí íocshláinte agus ar fheistí leighis ar leibhéal an Aontais, a chosc, a chomhordú agus a bhainistiú;”

*léitear:* “(a) ullmhúchán a dhéanamh maidir leis an tionchar a bheidh ag éigeandálaí sláinte poiblí ar tháirgí íocshláinte agus ar fheistí leighis agus an tionchar a bheidh ag mórimeachtaí ar tháirgí íocshláinte ar leibhéal an Aontais, a chosc, a chomhordú agus a bhainistiú;”

2. Ar leathanach 14, in Airteagal 4(2):

*in ionad:* “2. Chun an faireachán dá dtagraítear i mír 1 a éascú, déanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla do tháirgí leighis, a ghníomhaíonn trí na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6), nó tríd an ardán dá dtagraítear in Airteagal 13 (‘ESMP’), tráth a bheidh sé lánfheidhmiúil, tuairisciú don Ghníomhaireacht in am trátha [...]”

*léitear:* “2. Chun an faireachán dá dtagraítear i mír 1 a éascú, déanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla do tháirgí leighis, a ghníomhaíonn trí na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6), an dara fómhír, nó tríd an ardán dá dtagraítear in Airteagal 13 (‘ESMP’), tráth a bheidh sé lánfheidhmiúil, tuairisciú don Ghníomhaireacht in am trátha [...]”

3. Ar leathanach 16, in Airteagal 8(1):

*in ionad:* “1. Ar feadh ré éigeandála sláinte poiblí, nó tar éis mórimeacht dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a aithint go dtí gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar an mórimeacht de bhun Airteagal 4(4), tuairisceoidh MSSG torthaí an fhaireacháin dá dtagraítear in Airteagal 7 go tráthrialta don Choimisiún agus na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6) agus, go háirithe, cuirfidh sé in iúl aon ghanntanais iarbhir nó fhéideartha de tháirgí íocshláinte, ar táirgí iad a áirítear ar na liostaí de chógais leighis chriticiúla nó aon imeacht ar dócha go mbeidh mórimeacht mar thoradh air”

*léitear:* “1. Ar feadh ré éigeandála sláinte poiblí, nó tar éis mórimeacht dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a aithint go dtí gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar an mórimeacht de bhun Airteagal 4(4), tuairisceoidh MSSG torthaí an fhaireacháin dá dtagraítear in Airteagal 7 go tráthrialta don Choimisiún agus na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6), an dara fómhír, agus, go háirithe, cuirfidh sé in iúl aon ghanntanais iarbhir nó fhéideartha de tháirgí íocshláinte, ar táirgí iad a áirítear ar na liostaí de chógais leighis chriticiúla nó aon imeacht ar dócha go mbeidh mórimeacht mar thoradh air”

## 4. Ar leathanach 16, in Airteagal 8(2):

*in ionad:* “2. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún nó pointe teagmhála amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 3(6) amhlaidh, déanfaidh MSSG sonraí comhiomlánaithe agus réamhaisnéisí éilimh a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt dá thorthaí agus dá chonclúidí. Maidir leis sin, déanfaidh MSSG na nithe seo a leanas: [...]”,

*léitear:* “2. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún nó pointe teagmhála amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 3(6), an dara fómhír, amhlaidh, déanfaidh MSSG sonraí comhiomlánaithe agus réamhaisnéisí éilimh a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt dá thorthaí agus dá chonclúidí. Maidir leis sin, déanfaidh MSSG na nithe seo a leanas: [...]”.

## 5. Ar leathanach 18, in Airteagal 9(2), pointe (d):

*in ionad:* “(d) faisnéis faoi tháirgí leighis ar an liosta de chógais leighis chriticiúla a iarraidh ar na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6) ar bhonn an tacair faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 6(4), agus sprioc-am a leagan síos le cur isteach na faisnéise sin, más rud é nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil ar ESMP.”,

*léitear:* “(d) faisnéis faoi tháirgí leighis ar an liosta de chógais leighis chriticiúla a iarraidh ar na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6), an dara fómhír, ar bhonn an tacair faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 6(4), agus sprioc-am a leagan síos le cur isteach na faisnéise sin, más rud é nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil ar ESMP.”.

## 6. Ar leathanach 18, in Airteagal 10(2), an dara fómhír:

*in ionad:* “Déanfaidh na sealbhóirí údaraithe margaíochta dá dtagraítear sa chéad fómhír den mhír seo an fhaisnéis arna iarraidh faoin sprioc-am arna leagan síos ag an nGníomhaíocht a chur isteach trí na pointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 9(2), pointe (b), ag úsáid na modhanna agus na gcóras faireacháin agus tuairiscithe arna mbunú de bhun Airteagal 9(1), pointí (b) agus (c), faoi seach. Má thugtar aon fhaisnéis cothrom le dáta, soláthróidh na sealbhóirí údaraithe margaíochta sin an fhaisnéis sin i gcás inar gá.”,

*léitear:* “Déanfaidh na sealbhóirí údaraithe margaíochta dá dtagraítear sa chéad fómhír den mhír seo an fhaisnéis arna iarraidh faoin sprioc-am arna leagan síos ag an nGníomhaíocht a chur isteach trí na pointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 9(2), pointe (a), ag úsáid na modhanna agus na gcóras faireacháin agus tuairiscithe arna mbunú de bhun Airteagal 9(1), pointí (b) agus (c), faoi seach. Má thugtar aon fhaisnéis cothrom le dáta, soláthróidh na sealbhóirí údaraithe margaíochta sin an fhaisnéis sin i gcás inar gá.”.

## 7. Ar leathanach 19, in Airteagal 11(1), pointe (a):

*in ionad:* “(a) an tacar faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 6(4) a chur isteach, lena n-áirítear na sonraí atá ar fáil agus na sonraí atá measta faoi mhéid éilimh agus faoi réamhaisnéisí éilimh, tríd an bpointe teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6) agus ag úsáid na modhanna tuairiscithe agus na gcóras tuairiscithe a bhunaítear de bhun Airteagal 9(1), pointí (b) agus (c), faoi seach;”,



*léitear:* “(a) an tacar faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 9(2), pointe (d), a chur isteach, lena n-áirítear na sonraí atá ar fáil agus na sonraí atá measta faoi mhéid éilimh agus faoi réamhaisnéisí éilimh, tríd an bpointe teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6), an dara fomhír, agus ag úsáid na modhanna tuairiscithe agus na gcóras tuairiscithe a bhunaítear de bhun Airteagal 9(1), pointí (b) agus (c), faoi seach;”.

8. Ar leathanach 20, in Airteagal 11(3):

*in ionad:* “3. I gcás ina mbeidh aon fhaisnéis ag na Ballstáit sa bhreis ar an bhfaisnéis sin atá le soláthair i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir leis na méideanna díolachán agus le méideanna oideas na dtáirgí íocshláinte, lena soláthraítear fianaise ar ghanntanas iarbhír nó féideartha táirge íocshláinte a áirítear ar na liostaí de chógais leighis chriticiúla, lena n-áirítear sonraí dá dtagraítear in Airteagal 23a, an tríú fomhír, de Threoir 2001/83/CE, soláthróidh siad an fhaisnéis sin do MSSG láithreach trína bpointí teagmhála aonair faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 3(6) den Rialachán seo.”.

*léitear:* “3. I gcás ina mbeidh aon fhaisnéis ag na Ballstáit sa bhreis ar an bhfaisnéis sin atá le soláthair i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir leis na méideanna díolachán agus le méideanna oideas na dtáirgí íocshláinte, lena soláthraítear fianaise ar ghanntanas iarbhír nó féideartha táirge íocshláinte a áirítear ar na liostaí de chógais leighis chriticiúla, lena n-áirítear sonraí dá dtagraítear in Airteagal 23a, an tríú fomhír, de Threoir 2001/83/CE, soláthróidh siad an fhaisnéis sin do MSSG láithreach trína bpointí teagmhála aonair faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 3(6), an dara fomhír, den Rialachán seo.”.

9. Ar leathanach 21, in Airteagal 13(3), pointe (b):

*in ionad:* “(b) úsáidfidh na Ballstáit, trí na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (d), ESMP chun faisnéis a bhaineann le táirgí íocshláinte ar na liostaí de chógais leighis chriticiúla a thuarisiciú, i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 11.”.

*léitear:* “(b) úsáidfidh na Ballstáit, trí na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6), an dara fomhír, ESMP chun faisnéis a bhaineann le táirgí íocshláinte ar na liostaí de chógais leighis chriticiúla a thuarisiciú, i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 11.”.

10. Ar leathanach 21, in Airteagal 13(4), pointe (b):

*in ionad:* “(b) bainfidh na Ballstáit úsáid as ESMP chun ganntanais táirgí íocshláinte ar dócha go mbeidh éigeandáil sláinte poiblí nó mórimeacht mar thoradh orthu i gcomhréir le hAirteagal 4(2) a thuarisiciú don Ghníomhaireacht, trí na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (e).”.

*léitear:* “(b) bainfidh na Ballstáit úsáid as ESMP chun ganntanais táirgí íocshláinte ar dócha go mbeidh éigeandáil sláinte poiblí nó mórimeacht mar thoradh orthu i gcomhréir le hAirteagal 4(2) a thuarisiciú don Ghníomhaireacht, trí na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 3(6), an dara fomhír.”.

## 11. Ar leathanach 28, in Airteagal 22(2):

*in ionad:* “2. Chun críocha Airteagal 25(2), déanfaidh MDSSG tacar faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 25(2), pointí (b) agus (c) a ghlacadh agus a chur ar fáil go poiblí, tacar faisnéise is gá chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar agus éileamh feistí leighis a áirítear ar liosta feistí criticiúla na héigeandála sláinte poiblí, agus cuirfidh sé an mheitheal dá dtagraítear in Airteagal 21(5) ar an eolas faoin tacar faisnéise sin.”

*léitear:* “2. Chun críocha Airteagal 25(2), déanfaidh MDSSG tacar faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 25(2), pointí (c) agus (d) a ghlacadh agus a chur ar fáil go poiblí, tacar faisnéise is gá chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar agus éileamh feistí leighis a áirítear ar liosta feistí criticiúla na héigeandála sláinte poiblí, agus cuirfidh sé an mheitheal dá dtagraítear in Airteagal 21(5) ar an eolas faoin tacar faisnéise sin.”

## 12. Ar leathanach 28, in Airteagal 24(1):

*in ionad:* “1. Ar feadh ré na héigeandála sláinte poiblí, tuairisceoidh MDSSG go tráthrialta don Choimisiún agus do na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 25(2), pointe (a), faoi thorthaí an fhaireacháin, agus, go háirithe, cuirfidh sé in iúl aon ghanntanais iarbhir nó fhéideartha feistí leighis a áirítear ar liosta d’fheistí criticiúla na héigeandála poiblí sláinte.”

*léitear:* “1. Ar feadh ré na héigeandála sláinte poiblí, tuairisceoidh MDSSG go tráthrialta don Choimisiún agus do na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 25(5), an dara fómhír, faoi thorthaí an fhaireacháin, agus, go háirithe, cuirfidh sé in iúl aon ghanntanais iarbhir nó fhéideartha feistí leighis a áirítear ar liosta d’fheistí criticiúla na héigeandála poiblí sláinte.”

## 13. Ar leathanach 29, in Airteagal 24(5):

*in ionad:* “5. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún, féadfaidh MDSSG, bearta arna nglacadh ag na húdaráis náisiúnta inniúla do tháirgí leighis, monaróirí feistí leighis, comhlachtaí faoina dtugtar fógra, agus eintitis eile a chomhordú, i gcás inarb ábhartha, chun ganntanais iarbhir nó fhéideartha feistí leighis i gcomhthéacs éigeandáil sláinte poiblí nó mórimeachta a chosc nó a mhaolú.”

*léitear:* “5. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún, féadfaidh MDSSG, bearta arna nglacadh ag na húdaráis náisiúnta inniúla do tháirgí leighis, monaróirí feistí leighis, comhlachtaí faoina dtugtar fógra, agus eintitis eile a chomhordú, i gcás inarb ábhartha, chun ganntanais iarbhir nó fhéideartha feistí leighis i gcomhthéacs éigeandáil sláinte poiblí a chosc nó a mhaolú.”

## 14. Ar leathanach 31, in Airteagal 27(1), pointe (a):

*in ionad:* “(a) an tacar faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 22(2) a chur isteach, lena n-áirítear faisnéis atá ar fáil faoi riachtanais a bhaineann le feistí leighis a áirítear ar liosta feistí criticiúla na héigeandála sláinte poiblí, chomh maith leis na sonraí atá ar fáil nó atá measta faoin méid éilimh ar na táirgí leighis agus réamhaisnéisí éilimh maidir leis na táirgí leighis sin, tríd an bpointe teagmhála aonair faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 25(2), pointe (a), agus ag úsáid na modhanna agus na gcóras faireacháin agus tuairiscithe arna mbunú de bhun Airteagal 25(1), pointe (b);”

*léitear:* “(a) an tacar faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 22(2), pointe (a), a chur isteach, lena n-áirítear faisnéis atá ar fáil faoi riachtanais a bhaineann le feistí leighis a áirítear ar liosta feistí criticiúla na héigeandála sláinte poiblí, chomh maith leis na sonraí atá ar fáil nó atá measta faoin méid éilimh ar na táirgí leighis agus réamhaisnéisí éilimh maidir leis na táirgí leighis sin, tríd an bpointe teagmhála aonair faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 25(5), an dara fomhír, agus ag úsáid na modhanna agus na gcóras faireacháin agus tuairiscithe arna mbunú de bhun Airteagal 25(1), pointe (b);”.

15. Ar leathanach 32, in Airteagal 27(3):

*in ionad:* “3. I gcás ina bhfuil aon fhaisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le soláthair i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo ag na Ballstáit, faisnéis lena soláthraítear fianaise ar ghanntanas iarbhír nó féideartha feistí leighis, soláthróidh siad an fhaisnéis sin láithreach do MDSSG trí phointe teagmhála aonair faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 25(2), pointe (a).”.

*léitear:* “3. I gcás ina bhfuil aon fhaisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le soláthair i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo ag na Ballstáit, faisnéis lena soláthraítear fianaise ar ghanntanas iarbhír nó féideartha feistí leighis, soláthróidh siad an fhaisnéis sin láithreach do MDSSG trí phointe teagmhála aonair faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 25(5), an dara fomhír.”.

16. Ar leathanach 32, in Airteagal 27(4), pointe (b):

*in ionad:* “(b) aon mholtaí dá dtagraítear in Airteagal 24(3) agus aon treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 28, pointe (b), a chur san áireamh agus comhordú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí a bhaineann le haon ghníomhartha arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 12, pointe (a), a chomhlíonadh;”.

*léitear:* “(b) aon mholtaí dá dtagraítear in Airteagal 24(3) agus aon treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 28, pointe (b), a chur san áireamh agus comhordú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí a bhaineann le haon ghníomhartha arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 28, pointe (a), a chomhlíonadh;”.

---

**Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/419 ón gComhairle an 24 Feabhra 2023 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 61 an 27 Feabhra 2023)*

Ar leathanach 22, san Iarscríbhinn, sa bhfoclaíocht réamhráiteach:

*in ionad:* “Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

- (1) i dTábla A ‘Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 10, 17, 20, 22, 35, 39, 41, 42, 64, 65, 71, 73, 75, 78, 85, 87, 89, 90, 123, 125 agus 179:”;

*léitear:* “Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

- (1) i dTábla A ‘Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 10, 17, 20, 22, 35, 39, 41, 42, 64, 65, 71, 73, 75, 78, 85, 87, 89, 90, 104, 123, 125, 129, 131, 179 agus 195:”.
-



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)